Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí
Cork Education and Training Board

Bord Oideachais agus Oiliúna CHORCAÍ

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

Eanáir 2016 - Nollaig 2016

Clár na nÁbhar

Teachtaireacht ó Chathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí 3
Réamhfhocal Phríomhfheidhmeannach Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí 3
Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí 4
Scoileanna 5
Scoileanna Náisiúnta Pobail 5
Coláistí Breisoideachais (Iar-Ardteistiméireachta) 6
Breisoideachas agus Oiliúint 7
Réim an tSoláthair 7
Ionad Oiliúna Chorcaí.....7
Ógtheagmháil 8
Ionaid Oiliúna Pobail 9
Oideachas Pobail 9
An Tionscnamh chun Filleadh ar an Oideachas 9
Litearthacht 10
Treoir BOO Chorcaí d'Aosaigh 10
Seirbhísí Óige 11
Eagrú Seirbhísí 12
Bonneagar 13
Príomhchaidreamh 13
Achoimre Airgeadais.....14
Giorrúcháin 15
Aguisín 1 16
Scoileanna, Ionaid Oideachais agus Fochoistí an Bhoird Oideachais agus Oiliúna 16
Scoileanna Iar-bhunoideachais 16
Scoileanna Náisiúnta Pobail.....17
Ionaid Oideachais agus Oiliúna 17
Ionaid Ógtheagmhála 17
Scoileanna Pobail a bhfuil BOO Chorcaí ina Chómh-Iontaobhaí orthu.....17
Scoileanna Cuimsitheacha a bhfuil BOO Chorcaí ina Chómh-Iontaobhaí orthu.....17
Coistí an Bhord Oideachais agus Oiliúna 17

Teachtaireacht ó Chathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí

Cúis bhróid dom mar Chathaoirleach BOO Chorcaí baint a bheith agam le caighdeán na seirbhíse a chuireann BOO Chorcaí ar fáil dá bhfoghlaimeoirí. B'éigean don eagraíocht déileáil le hathruithe a bhí ag teacht te tapa i ndiaidh a chéile i rith na bliana, bhí struchtúir riaracháin nua le cur i bhfeidhm agus bhí dúshláin nua le sárú againn, go háirithe phátrúnacht na Scoileanna Náisiúnta Pobail. Léiríonn an chaoi ar dhéileáil an eagraíocht agus an fhoireann gan stró ar bith leis na hathruithe agus leis na dúshláin sin a ndíograis agus a dtiomantas i leith na heagraíochta.

An Clr Patrick Gerard Murphy

Cathaoirleach, Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí

Réamhfhocal Phríomhfheidhmeannach Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí

Bhí athruithe agus comhdhlúthú leanúnach ar siúl ag BOO Chorcaí i rith na bliana 2016. Ceapadh Stiúrthóir Scoileanna, Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna agus beirt Stiúrthóirí Eagraíochta, Tacaíochta agus Forbartha mar chuid de struchtúr sinsearach riaracháin athbhreithnithe. Cé gur cuireadh fáilte is fiche roimh na ceapacháin sin, b'éigean athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúir na Ceannoifige. Tá ardmholadh tuillte ag an bhfoireann toisc an chaoi ar chomhoibrigh siad agus ar ghlac siad leis an gcultúr lán d'athruithe atá ag teacht chun cinn.

Tá forbairt á déanamh ar an tseirbhís a chuirimid ar fáil, tugtar tús áite don bhfoghlaimeoir sa chaoi go gcinntítear go gcuireann BOO Chorcaí roghanna oideachais agus oiliúna ardchaighdeáin ar fáil. Is teist iad leithead agus réim na seirbhíse a chuireann gach cuid dár seirbhísí ar fáil don bhfoghlaimeoir, don phobal agus do lucht Tionscail ar chumas Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí chun cláir oiriúnacha, ábhartha oideachais agus oiliúna a phleanáil, a chur ar fáil, comhordú a dhéanamh orthu agus iad a athbhreithniú. Tá cur síos mion sa tuarascáil bhliantúil seo ar phríomh-buaicphointí na bliana 2016.

An tUasal Timothy Owens
Príomhfheidhmeannach

Bord Oideachais & Oiliúna Chorcaí

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 agus tá sé freagrach agus cuntasach as treo ceart agus rialú an BOO faoi mar a leagtar amach san Acht thuasluaite, i reachtaíocht ábhartha eile agus sa Chód Cleachtais iomchuí um Rialú BOOanna. Tháinig Bord BOO Chorcaí le chéile 6 uaire i rith na bliana agus

de réir alt 3.4 den Chód Rialachais, tá taifead de thinreamh gach Comhalta den Bhord leagtha amach sa tábla seo a leanas.

Teideal	Ainm	Sloinne	Taifead Tinrimh
An Clr	Des	O'Grady	6/6
An Clr	Kay	Dawson	2/2 - Ceaptha i Meán Fómhair 2016
An Clr	Mary	Hegarty	3/6
An Clr	Patrick G	Murphy	2/6
An Clr	Christopher	O'Sullivan	3/6
An Clr	Claire	Cullinane	2/6
An tUas.	Paudie	Palmer	6/6
An tUas.	Louise	Sheehan	5/6
An tUas.	Gillian	Keating	2/6
An tUas.	Mary	O'Grady	3/6
An Clr	Gillian	Coughlan	3/6
An Clr	Tim	Brosnan	5/6
An Clr	Mary	Shields	5/6
An Clr	Chris	O'Leary	4/6
An Clr	PJ	Hourican	2/2 - Ceaptha i Meán Fómhair 2016
An Clr	Padraig	O'Sullivan	4/6
An tUas.	Maura	Fitzgibbon	6/6
An tUas.	Sean	O'Sullivan	4/6 - D'éirigh as i Meitheamh 2016
An tUas.	Pearl	Nolan	4/6
An tUas.	Declan	O'Leary	4/6
An Clr	Michael	Hegarty	4/6 - D'éirigh as i Meán Fómhair 2016
An Clr	Laura	McGonigle	0/6 - D'éirigh as i Meitheamh 2016
An tUrramach,	An Dr. Tom	Deenihan	1/6 - D'éirigh as i mí Iúil 2016

Scoileanna

Tá BOO Chorcaí ina phátrún agus ina chomhlacht bainistíochta ar 2 Scoil Náisiúnta Pobail, 28 scoil aitheanta Iar-bhunoideachais, a bhfuil 11 acu ina gColáistí Sainithe Pobail faoina bhfuil

Comhaontuithe Eiseamláireacha déanta ag BOO Chorcaí agus Deoise Chorcaí agus Rosa, nó ag BOO Chorcaí agus Deoise Chluana. San áireamh sna 28 Scoil Iar-bhunoideachais sin tá 4 choláiste neamhspleácha Breisoideachais, tar éis do Gaelcholáiste Dáibhís, Mala, aitheantas a thabhairt i mí Mheán Fómhair 2016 do Choláiste Breisoideachais Mhala mar choláiste neamhspleách. Bhí 71 dhalta cláraithe sna Scoileanna Náisiúnta Pobail ag deireadh na bliana acadúla 2015-16 rud ar féidir a mhíniú cuid mhaith toisc gur bronnadh pátrúnacht Scoil Chlíodhna i gCarraig Thuathail go déanach ar BOO Chorcaí. Mar sin féin, i Meán Fómhair 2016 bhí 40 Naíonán Bheaga ar an rolla i Scoil Chlíodhna amháin.

Bhí 10,985 mhac léinn aitheanta san iomlán ar na rollaí i Scoileanna Iar-bhunoideachais BOO Chorcaí. Bhí 4,832 mhac léinn lánaimseartha sna Coláistí Breisoideachais agus mic léinn Iar-Ardteistiméireachta ina measc a bhí i mbun cúrsaí a raibh baint acu le scoileanna Iar-bhunoideachais. Bhí an líon céanna mac léinn rollaithe i ranganna féinmhaoinithe oideachais d'aosaigh sna coláistí Iar-Ardteistiméireachta.

Tá BOO Chorcaí freisin ina chomh-iontaobhaí/chomh-phátrún ar 13 Phobalscoil agus Scoil Chuimsitheach. Féach ar aguisín 1 chun liosta iomlán a fháil de Choláistí agus d'Ionaid BOO Chorcaí.

Scoileanna Náisiúnta Pobail (Bunscoileanna)

Tá BOO Chorcaí mar phátrún ar 2 Scoil Náisiúnta Pobail. Tús nua ag Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí is ea an bhaint atá againn le bunoideachas in Éirinn.

I mí na Nollag 2007, d'fhógair an tAire Oideachais agus Eolaíochta a bhí ann ag an am, Mary Hanafin, go raibh sé i gceist ag an rialtas na chéad bhunscoileanna a bhunú a bheadh á reáchtáil ag an stát. Tús nua ab ea é sin ó thaobh bunscolaíocht in Éirinn. Bunaíodh na Scoileanna Náisiúnta Pobail chun freastal ar riachtanais atá tagtha chun cinn san "Éirinn Nua" atá againn inniu ina bhfuil fás suntasach tagtha ar ilchultúrachas agus ar éagsúlacht creidimh i measc an daonra. Chun freastal ar riachtanais daonra nua na hÉireann atá ag teacht chun cinn, beidh an Scoil Náisiúnta Pobail cuimsitheach agus ag an am céanna beidh rún aici na hardchaighdeáin oideachais a bheith aici a aithnítear a bheith ag bunscolaíocht na hÉireann.

Bhí sé riachtanach reachtaíocht chumasaithe a rith chun go bhféadfaidh Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí, bheith mar phátrún ar an Scoil Náisiúnta Pobail. Rinneadh na hathruithe riachtanacha reachtaíochta in 2013.Idir an dá linn, bhí an tAire Oideachais agus Scileanna ina pátrún sealadach agus bhí BOO Chorcaí ag fanacht le bheith ina phátrún. Aistríodh an phátrúnacht ón Aire chuig an BOO i mí Mheán Fómhair 2016.

Ar an 1 Meán Fómhair 2016, de réir fhorálacha Alt 8 den Acht Oideachais, 1998, aistríodh an phátrúnacht na scoileanna seo a leanas ón Aire Oideachais agus Scileanna chuig Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí;

- Scoil Aonghusa, Scoil Náisiúnta Pobail, Carraig Dhúin, Mala
- Scoil Chlíodhna, Scoil Náisiúnta Pobail, West End, Carraig Thuathail

Aistríodh na mball foirne go léir chuig Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí ar an dáta thuas agus cheap an tAire Oideachais agus Scileanna Bainisteoir amháin don dá scoil go dtí go mbunófar na Boird Bhainistíochta.

Scoileanna Iar-bhunoideachais

Tháinig méadú i gcónaí i rith na scoilbhliana 2015/2016 ar líon na ndaltaí a bhí ar na rollaí i scoileanna iar-bhunoideachais BOO Chorcaí (suas go 10,985 dhalta). Bhí éagsúlacht le sonrú ar líon na ndaltaí a bhí ar na rollaí i scoileanna éagsúla. Bhí uimhreacha cobhsaí, comhsheasmhacha i bhformhór na scoileanna, tháinig fás suntasach i roinnt acu, go háirithe i gColáiste Pobail Naomh Colmán, Mainistir na Corann agus i gColáiste an Chraoibhín, Mainistir Fhear Maí, ach cúis imní don BOO an laghdú a tháinig ar na huimhreacha i roinnt bheag scoileanna. Féach ar Aguisín 1 le haghaidh líon na ndaltaí sna scoileanna agus sna coláistí éagsúla.

D'oscail BOO Chorcaí scoil nua, Coláiste Pobail Charraig Thuathail, i mí Mheán Fómhair agus bhí 60 dalta céad bliana ar an rolla. Lean BOO Chorcaí ar aghaidh ag obair i dtreo Coláiste Mannix sa Ráth a dhúnadh agus i Meán Fómhair 2016 chuireadh deireadh le cúrsaí iar-bhunoideachas sa Choláiste. Ba dheireadh ré é sin maidir le BOO Chorcaí a bheith ag cur oideachais iar-bhunscoile ar fáil sa Ráth agus ba mhór an chúis bhróin é don fhoireann a bhí fágtha agus a d'aistrigh chuig scoileanna eile de chuid BOO Chorcaí.

Scoil chomhoideachais iar-bhunscoile í Pobalscoil an Sciobairín a osclaíodh i Meán Fómhair 2016 agus atá faoi chomh-iontaobhas Dheoise Chorcaí agus Rosa, iontaobhaithe Mercy Heights agus Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí. Cé gur aistrigh an chuid is mó den fhoireann teagaisc ó Choláiste Rosa go dtí an Phobalscoil d'fhan roinnt ball foirne i gColáiste Rosa chun cúrsaí breisoideachais a chur ar fáil.

Coláistí Breisoideachais (Iar-Ardteistiméireachta)

Lean Coláistí BOO Chorcaí ar aghaidh ag soláthar cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta cosúil leo siúd a chuir siad ar fáil an bhliain roimhe sin. Cé go ndearna na coláistí, nuair a b'fhéidir leo é, na cúrsaí a chur in oiriúint agus a mhodhnú chun freastal ar riachtanais áitiúla mhargadh an tsaothair agus na bhfoghlaimeoirí áitiúla, bhí teorainn shuntasach ar an gcumas laistigh den BOO freastal ar an bhforbairt agus cúrsaí úrnua a thabhairt isteach. Bhí an scéal amhlaidh toisc gur cruthaíodh easpa fhoriomlán solúbthachta de bharr an titim ar líon na ndaltaí ar na rollaí agus na laghduithe ar líon iomlán na múinteoirí a leithdháileadh de bharr an titim a bhí ar líon na ndaltaí ar na rollaí i rith na bliana roimhe sin.

Lean BOO Chorcaí orthu in 2016 ag dul i dteagmháil le hionaid Iar-Ardteistiméireachta chun gnéithe de bheartas forbartha na hIar-Ardteistiméireachta a fhorbairt agus a fheidhmiú. Chuir dúnadh Coláiste Rosa mar sholáthraí Iar-bhunscoile i Sciobairín deis ar fáil chun Campas Breisoideachais Iarthar Chorcaí a bhunú faoi scáth Coláiste Tráchtála Chorcaí. Le tacaíocht nach beag ó Choláiste Tráchtála Chorcaí, d'éirigh leis an gCampas, i dtréimhse an-ghearr ama, é féin a chur ar thús cadhnaíochta maidir le soláthar oideachais i réigiún an Sciobairín.

D'éirigh le BOO Chorcaí aitheantas a fháil ón Roinn Oideachais agus Scileanna le haghaidh Coláiste Breisoideachais Mhala mar ionad aonair, neamhspleách agus a uimhir rolla féin aige in 2016. Le tacaíocht SOLAS, chuir an t-aitheantas sin ar chumas BOO Chorcaí an coláiste a dheighilt ó Gaelchholáiste Dáibhís, sa chaoi gur féidir oideachas Iar-Ardteistiméireachta a fhorbairt agus a chomhdhlúthú i réigiún Thuaisceart Chorcaí.

Breisoideachas agus Oiliúint

Cuireann BOO Chorcaí raon leathan de chláir oiliúna ar fáil trí Ionad Oiliúna Chorcaí agus na seirbhísí a ghabhann leis, a ceapadh chun freastal ar riachtanais oiliúna daoine aonair, idir fhostaithe agus dhífhostaithe, agus ar riachtanais eacnamaíochta agus gnó na bhfostóirí sa réigiún.

Scóip an tSoláthair

Ó thaobh Breisoideachas agus Oiliúint a sholáthar chuir BOO Chorcaí cúrsaí lánaimseartha agus páirtaimseartha ar fáil i raon leathan réimsí le haghaidh daonra mór, éagsúil de dhaoine fásta agus d'fhoghlaimeoirí a bhfuil oideachas dara leibhéil faighte acu agus cuirtear ar fáil iad mar chúrsaí lae agus cúrsaí oíche. I measc na gclár tá:

- Iar-Ardteistiméireacht
- Printíseachtaí
- Cúrsaí Traenála
- Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS)
- An Tionscnamh chun Filleadh ar an Oideachas
- Litearthacht d'Aosaigh,
- Dianchúrsa Oideachais Bhunúsaigh do Dhaoine Fásta (ITABE)
- Oideachas Pobail,
- Oiliúint i Sainscileanna
- Ógtheagmháil,
- Ionaid Oiliúna Pobail,
- Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla
- Seirbhís Oideachais na bPríosún
- Seirbhís Phríosúin do dhaoine nuair a scaoiltear amach iad
- Scileanna don Obair
- Comhoibriú le hinstitiúidí eile

Deis agus dúshlán ag BOO Chorcaí ab ea bunú na mBord Oideachais agus Oiliúna, agus cruthú earnála comhtháite Breisoideachais agus Oiliúna trína ndírítear go soiléir ar fhorbairt agus ar sholáthar cúrsaí agus clár atá ceaptha chun daoine a ullmhú i gcomhair fostaíochta agus/nó tuilleadh staidéir. Gnéithe de sheirbhís bhreisoideachais agus oiliúna BOO Chorcaí i rith na tréimhse sin ab ea forbairt clár comhordaithe maidir le cur ar fáil clár agus a bhí ceaptha chun dúbailt a íoslaghdú, rochtain do dhaoine aonair a mhéadú, ábharthacht d'fhostóirí a fheabhsú agus caighdeán na gclár atá ar fáil a choinneáil agus a fheabhsú.

Ionad Oiliúna Chorcaí

Chuir Ionad Oiliúna Chorcaí oiliúint ar fáil go díreach nó go hindíreach do 5,291 duine i réimse cineálacha éagsúla chlár in 2016.

Ina measc siúd bhí 1291 printíseach a bhí ag fáil oiliúna lasmuigh den láthair oibre ag céimeanna 2, 4 agus 6. Bhí 425 printíseach cláraithe in 2016. Ba mhéadú é sin ar an 380 a bhí ann an bhliain roimhe sin, rud a léiríonn an fás atá tagtha ar ghníomhaíocht eacnamaíoch. Tugadh isteach curaclam athbhreithnithe leagan 4 do phrintísigh ar chéim 2 sna ceirdeanna Cearpantóireachta agus Siúinéireachta, Meicneoirí Feithiclí Troma, Oibriú Miotail, Pluiméireacht agus Obair Leictreach. Cuireadh tús le dhá phrintíseacht nua i réimse na hInnealtóireachta agus Árachais.

Laghdaíodh rátaí iarratas ar chúrsaí oiliúna do dhaoine dífhostaithe i gcoitinne, bhí siad níos ísle ná

an bhliain roimhe sin agus cosúil leis an 2 bhliain dheireanacha. Tugadh le fios gurbh iad athruithe ar imthosca eacnamaíocha, agus laghduithe i dtacaíochtaí airgeadais na tosca ba shuntasaí maidir le tearcúsáid an méid a bhí curtha ar fáil. Maidir leis na cúrsaí a chur in oiriúint chun freastal ar riachtanais fostóirí agus gnólachtaí, rinneadh é sin a bhainistiú ar bhonn áitiúil, trí na heagraíochtaí gnó áitiúla agus na riachtanais sa réimse sin a aithint agus bhí an obair faoi mhaoirseacht an ghrúpa pleanála Breisoideachais agus Oiliúna. Leagadh béim faoi leith ar dheiseanna a chur ar fáil don ghrúpa ardtosaíochta nach bhfuil mórán scileanna acu agus do dhaoine atá dífhostaithe ar feadh i bhfad.

Cuirtear oiliúint ar fáil do dhaoine a fhágann an scoil go luath trí dhá Ionad Oiliúna Pobail, ceann acu san Linn Dubh agus an ceann eile i mBaile na mBocht. Bhí siad ag feidhmiú faoi lánacmhainneacht agus 50 dalta agus 65 dhalta faoi seach acu don bhliain. Tá cláir ar leibhéal 4 á gcur ar fáil sna hionaid seo, agus roghnaigh an dá Ionad Oiliúna Pobail tús a chur le hOiliúint i Scileanna Sonracha i gcúrsaí deimhnithe City and Guilds.

Cuireann cúig Sholáthraí Sainoiliúna oiliúint ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas atá ag lorg fostaíochta. Déantar é sin i Lárionaid an Líonra Náisiúnta Foghlama i mBeanntraí, Bóthar na Modhfheirme, ina bhfuil 200 áit ar fáil chomh maith le Abode agus Naomh Seosamh áit a bhfuil 20 áit eile ar fáil. Cuirtear cúrsaí ar fáil sna hionaid sin a ceapadh go sonrach do dhaoine faoi mhíchumas, in ionaid oiliúna atá feistithe go speisialta chuige sin.

Ógtheagmháil

Tá aon cheann déag d'Ionad Ógtheagmhála ar fáil faoi láthair faoi choimirce Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí. Cuirtear na cláir ar fáil cúig lá sa tseachtain i rith na bliana acadúla. Cuirtear Clár samhraidh ar fáil freisin ina ndírítear ar fhorbairt phearsanta agus shóisialta an dalta. Cuimsíonn an earnáil Ógtheagmhála fís agus misean Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí cheana féin agus oibríonn de réir a threoirphrionsabail.

Tá polasaí ann maidir le rollú leanúnach a dhéanamh sa chaoi gur féidir leis na cláir freagra a thabhairt ar riachtanais na n-iarratasóirí. Glactar le prionsabail maidir le hobair don ógra, le stíleanna éagsúla teagaisc agus le cuir chuige oideolaíocha de chineálacha éagsúla sna hionaid chun go bhféadfaidh na daltaí an buntáiste is mó a bhaint astu.

Tá próifíl athraitheach tagtha chun cinn maidir le mic léinn Ógtheagmhála. Ba é an nós traidisiúnta a bhí ann ná gur atreoraigh na scoileanna daltaí a bhí 'ag streachailt' leis an gcúrsa chuig Ógtheagmháil, agus cé go dtarlaíonn sé sin fós atreoraíonn réimse leathan eagraíochtaí agus foinsí daltaí chuig Ógtheagmháil, mar shampla:

- Oifigigh Idirchaidrimh don Óige
- Seirbhísí Promhaidh
- TUSLA
- Lucht Cúraim Chónaithe
- Grúpaí Eitneacha
- An Roinn Coimirce Sóisialaí.

Mar gheall ar an athrú atá ag teacht ar phróifíl na ndaltaí ba ghá athbhreithniú a dhéanamh ar Churaclam Ógtheagmhála, ar na nósanna imeachta um shocrúcháin oibre agus ar phleananna tinrimh agus coinneála lena chinntiú go raibh siad ábhartha do na daltaí agus gur dhírigh siad go cothrom ar fhorbairt acadúil, ghairmoideachais agus scileanna boga. Cuireadh oiliúint ar fáil don

fhoireann maidir le Tomhas Scileanna Boga i mí Mheán Fómhair 2016 agus cuireadh an córas i bhfeidhm i ngach ionad.

Is é 81% an ráta coinneála atá beartaithe do dhaltaí Ógtheagmhála agus tá an curaclam nua curtha i bhfeidhm i ngach ionad, agus cuimsíonn sé sin cur i bhfeidhm cur chuige il-srathach maidir leis na nithe seo a leanas: Freastal, Uirlisí Tomhais maidir le Scileanna Boga, measúnuithe Litearthachta agus Uimhearthachta an chórais BKSB, nósanna imeachta athbhreithnithe maidir le socrúcháin oibre agus páirt a bheith ag na daltaí i bhforbairt a bpleananna gníomhaíochta féin.

Ionaid Oiliúna Pobail

Tá dhá Ionad Oiliúna Pobail á reáchtáil ag BOO Chorcaí, ceann sa Linn Dubh/An Gleann agus an ceann eile i mBaile na mBocht. Ionaid FÁS ab ea na hionaid sin tráth agus tá siad cosúil leis na hionaid Ógtheagmhála, ach dírítear níos mó iontu ar ghairmeacha beatha. Mar a luadh cheana, tá na hionaid sin faoi choimirce Ionad Oiliúna Chorcaí.
Ghlac 178 foghlaimeoir páirt i gcúrsaí ag Ionaid Oiliúna Pobail in 2016.

Oideachas Pobail

In 2016, reáchtáladh 711 chúrsa oideachais phobail ar fud chathair agus chontae Chorcaí ar mhaithe le 5749 bhfoghlaimeoir.

Tá Oideachas Pobail deartha go príomha chun grúpaí neamhbhrabúsacha áitiúla um oideachas pobail a chur chun cinn agus cuidiú leo chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais a bpobail, go háirithe, ar dhaoine nach bhfuil mórán oideachais fhoirmiúil acu. Thairg BOO Chorcaí roinnt clár maidir le hOideachas Pobail in 2016 óna bhfuarthas deimhniú .i., Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile, Ceardaíocht & Teicstílí agus TF, agus déanfar monatóireacht leanúnach ar an dul chun cinn a dhéanfar ina ndiaidh siúd.

Ar cheann de na spriocanna a bhí ann in 2016 bhí Oideachas Pobail a chomhtháthú le soláthar eile Breisoideachais agus Oiliúna chun dul chun cinn a spreagadh. I rith na bliana, sceidealadh Cúrsaí Oideachais Phobail ar an gcóras PLSS (Sheirbhís Tacaíochta d'Fhoghlaimeoirí an Chórais) agus chuir sé sin ar chumas Treoirchomhairle d'Aosaigh, an Roinn Coimirce Sóisialaí agus soláthraithe Breisoideachas agus Oiliúna eile rochtain a bheith acu ar sceideal an chúrsa chun dul chun cinn a éascú agus a spreagadh. Cuireadh feabhas i rith na bliana ar na nósanna imeachta riaracháin atá ag na grúpaí pobail sna ceantair éagsúla, agus ghlac grúpaí pobail páirt go han-rathúil sa phróiseas sin.

I gcomhar le hOideachas Pobail agus leis an Tionscnamh chun Filleadh ar an Oideachas eagraíodh Féile Foghlama i gContae Chorcaí inar cuireadh fhaisnéis ar fáil d'fhoghlaimeoirí Oideachais Phobail faoi na roghanna atá acu maidir le dul chun cinn. Chomh maith leis sin, cuireadh roinnt cúrsaí ar fáil chun blaiseadh a thabhairt dóibh siúd a chríochnaigh na cúrsaí faoi na rudaí a d'fhéadfaidís tabhairt fúthu.

An Tionscnamh chun Filleadh ar an Oideachas

Is éard a dhéanann BOO Chorcaí sa Tionscnamh chun Filleadh ar an Oideachas ná díriú ar Sheirbhís chomhtháite Oideachais agus Oiliúna d'Aosaigh a sholáthar inar féidir creidiúnú a fháil ó Leibhéil 1-5, den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí. Cuimsíonn an Tionscnamh chun Filleadh ar an Oideachas fhís agus misean Breisoideachais agus Oiliúna cheana féin.

Tá cláir an Tionscnaimh chun Filleadh ar an Oideachas ar fáil faoi láthair i ngach ceann de na ceantair mhóra Chathrach, i mbeagnach gach ionad uirbeach sa chontae agus i go leor ceantair thuaithe. Is é an aidhm atá ag cláir an Tionscnaimh chun Filleadh ar an Oideachas cláir agus tacaíochtaí ardchaighdeáin oideachais a thairiscint, a bheidh níos inrochtana agus níos solúbtha agus a fheilfidh do riachtanais aitheanta an duine aonair.

Go dtí seo tá go leor de na cláir á reáchtáil mar roghanna maidir le dul chun cinn ó Oideachas Bunúsách/Cláir Oideachais Phobail nó mar bhealach chun dul chun cinn chuig cláir Iar-Ardteistiméireachta i ngach réimse. Tá laghdú déanta ó shin ar sholáthar Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) Leibhéal 5, de réir treoirlínte agus beartais náisiúnta agus an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. Cuireadh roinnt bheag cúrsaí ar fáil ag leibhéal 2, ach bhí formhór na gcúrsaí ar leibhéal QQI 3 agus 4, go háirithe ar Leibhéal 4.

Forbraíodh cláir i gcomhairle le comhordaitheoirí agus le páirtithe leasmhara eile sa chaoi gur forbraíodh na cláir de réir na riachtanas atá i réimsí áirithe. Roghnaigh lucht an Tionscnaimh chun Filleadh ar an Oideachas 6 chúrsa in 2016 agus chuir siad ar fáil iad ar bhonn píolótach ar Leibhéal 4 i réimsí éagsúla ábhar ar fud na Cathrach agus an Chontae d'fhonn an ráta coinneála a mhéadú go 85% sna cúrsaí píolótacha sin. Táthar ag súil go leanfaidh na rannpháirtithe ar aghaidh go Breisoideachas agus Oiliúint. Forbraítear agus fógraítear cúrsaí an Tionscnaimh chun Filleadh ar an Oideachas chun daoine a stiúradh ar aghaidh go cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta Leibhéal 5 i gceantair áitiúla.

Tá TFC agus/nó socrúchán oibre ina ndlúthchuid de gach cúrsa freisin. Leathnaíodh naisc le fostóirí i ngach réigiún chun scileanna breise a thabhairt d'fhoghlaimeoirí agus chun an deis is fearr a thabhairt dóibh leanúint ar aghaidh go fostaíocht. Eagraíodh go dtabharfadh na soláthraithe cuairteanna ar na rannpháirtithe freisin chun faisnéis a thabhairt dóibh faoi na deiseanna fostaíochta atá ar fáil.

Tá cúrsaí Litearthachta agus Treoir d'Aosaigh ina ndúthchuid i gcónaí de Chláir an Tionscnaimh chun Filleadh ar an Oideachas. Bhí tacaíocht Treorach ag céatadán mór de na foghlaimeoirí le linn a gcúrsaí agus ba í Seirbhís Treorach Aosoideachais Chorcaí a rinne formhór na hoibre.

Bhain 2,339 foghlaimeoir leas in 2016 as cúrsaí a reáchtáladh faoi chlár an Tionscnaimh chun Filleadh ar an Oideachas de chuid BOO Chorcaí.

Litearthacht

Tá Seirbhís Litearthachta á cur ar fáil i gcónaí ag BOO Chorcaí i raon leathan clár a bhfuil sé d'aidhm acu fheabhas a chur ar scileanna léitheoireachta, scríbhneoireachta, uimhearthachta agus TFC daoine fásta ar mian leo feabhas a chur ar a gcuid inniúlachtaí féin agus a rannpháirtíocht fheidhmiúil sa saol pearsanta, sóisialta agus eacnamaíochta a fheabhsú. Tá na cláir atá ar fáil éagsúil agus solúbtha ó thacaíocht duine le duine (1:1) le hoibrí deonach go dianteagasc ghrúpa agus deimhniú. Cé go leagtar béim ar thorthaí foghlama ar leibhéil 1-3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochta ní dhéanann an tseirbhís dearmad riamh ar na bealaí inar féidir le foghlaimeoirí dul chun cinn a dhéanamh agus chuige sin tá na hábhair éagsúla atá á gcur ar fáil ar leibhéil 2 agus 3 á méadú i gcónaí. Tá sé níos éasca d'fhoghlaimeoirí dul chun cinn toisc go bhfuil litearthacht comhtháite sna cláir eile mar an Tionscnamh chun Filleadh ar an Oideachas agus Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS).
Oibríonn BOO Chorcaí go dlúth le teagascóirí tiomanta (idir Theagascóirí Íoctha & Theagascóirí Deonacha) chun cláir nuálnuálachaamhchreidiúnaithe a fhorbairt le cabhrú le foghlaimeoirí na scileanna a fhorbairt a theastaíonn uathu le páirt níos fearr a ghlacadh sa saol eacnamaíochta, sóisialta agus pobail agus i saol an teaghlaigh.

Tríd an gClár Scileanna don Obair cuireann an tseirbhís litearthachta cláir ar fáil atá dírithe ar ardú leibhéal inniúlachta na bhfostaithe a bhfuil leibhéil ísle acu ó thaobh cáilíochtaí oideachais, agus feabhas a chur ar scileanna riachtanacha TF le cur ar chumas fostaithe déileáil le hathruithe maidir le cleachtais oibre atá ag tarlú go minic agus go leanúnach.
Cuirtear teagasc ar fáil suas go dtí Leibhéal 3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochta maidir le Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile agus tugtar tús áite do lucht iarrtha tearmainn agus d'inimircigh ón AE agus d'oibrithe imirceacha atá ar ioncam íseal. D'éirigh le mic léinn Litearthachta d'Aosaigh le tacaíocht ón tseirbhís Treorach dul ar aghaidh chucu seo a leanas; Litearthacht Grúpa, Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS), an Tionscnaimh chun Filleadh ar an Oideachas, Oiliúint/Printíseachtaí, agus Fostaíocht Lánaimseartha/Páirtaimseartha.

Tugann an Clár Foghlama Teaghlaigh tacaíochtaí ríthábhachtach do thuismitheoirí a bhfuil oideachas teoranta acu féin, agus cabhraíonn sé chun deireadh a chur le bacainní ó thaobh foghlaim i gcomhthéacsanna difriúla. Tá sé d'aidhm ag BOO Chorcaí foghlaim teaghlaigh a mhéadú ó 4% go 6% d'fhonn 1,474 uair an chloig san iomlán a chur ar fáil. Tá cláir nua á bhforbairt faoi láthair don bhliain seo chugainn. Tá 7 gclár ann faoi láthair lena n-áirítear:

- Cócaireacht ar bhuiséad don teaghlach
- Tacú le do pháiste sa Bhunscoil
- Tacú le do pháiste sa Mheánscoil
- Slándáil TF & Meáin Shóisialta do thuismitheoirí
- Sláinte don Lucht Siúil
- Cabhrú le tuismitheoirí teacht aniar a fhorbairt ina leanaí mar aon le scileanna chun déileáil le deacrachtaí.

In 2016, bhain 4,653 fhoghlaimeoir tairbhe ó bheith rannpháirteach i gcúrsaí litearthachta a reáchtáil BOO Chorcaí.

Treoir BOO Chorcaí d'Aosaigh

Tugann seirbhís treorach BOO Chorcaí faisnéis neamhchlaonta, faoi rún, saor in aisce mar aon le faisnéis, comhairle agus treoir faoi roghanna oideachais sa cheantar. Is é aidhm na seirbhíse treoraí ná é a dhéanamh níos éasca d'fhoghlaimeoirí cinntí eolacha a dhéanamh maidir le hoideachas agus oiliúint a fháil, aistriú laistigh de BOO Chorcaí agus leanúint ar aghaidh uaidh.

Cuireann BOO Chorcaí Seirbhís Treorach ar fáil d'fhoghlaimeoirí fásta an Bhoird Oideachais agus Oiliúna nach bhfuil rochtain reatha acu ar threoir agus do dhaoine fásta dífhostaithe atá ag iarraidh cur lena scileanna nó athoiliúint a fháil ach a bhfuil cáilíochtaí níos lú ná FETAC Leibhéal 6 acu. Tá seirbhísí for-rochtana um chomhairleoireacht threorach forbartha do dhaoine fásta in Ionaid Oideachais d'Aosaigh ar fud Chathair agus Chontae Chorcaí.
D'oibrigh an tSeirbhís Treorach d'Aosaigh i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí chun go mbeidh a fhios ag daoine faoin tSeirbhís, sa chaoi go bhfuil sí mar chuid lárnach den bhonneagar tacaíochta maidir le hoideachas aosach i BOO Chorcaí.

Seirbhísí Óige

Faoi Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013, tá feidhmeanna reachtacha ag BOO Chorcaí - tacú le soláthar, comhordú, riar agus measúnú seirbhísí oibre don óige ina limistéar feidhme.

Maidir leis sin chuir BOO Chorcaí na seirbhísí seo a leanas ar fáil tríd an aonad oibre don óige in 2016

- Thionscadal Speisialta maidir le maoiniú Óige & YPSF a riar thar ceann na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige le haghaidh seirbhísí óige i dtionscadail i gCorcaigh
- Maoiniú a riar do roinnt Tionscadal de chuid an Tascfhórsa Áitiúil Frith-Dhrugaí i gCorcaigh
- Scéim Deontais do Chlubanna Óige a riar le haghaidh grúpaí beaga deonacha um obair óige
- Tionscnamh Fostaíochta na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige (RLGÓ) don Óige a riar
- Scéim Deontais Chaipitil RLGÓ don Óige a riar agus comhordú a dhéanamh uirthi.
- Caidreamh Gníomhach/Rannpháirtíocht na hÓige - Chomhairle na nÓg Chorcaí
- Cur i bhfeidhm Chreat Caighdeán Cáilíochta Náisiúnta le haghaidh Obair Óige

Lena chois sin rinne BOO Chorcaí na rudaí seo a leanas in 2016 -

- Suirbhé cuimsitheach ar Sheirbhísí Obair Óige BOO Chorcaí.
- Taispeántas mór a eagrú de sheirbhísí oibre ógra i gCorcaigh.
- Cabhrú leis RLGÓ i gcur chun feidhme na moltaí maidir le Luach ar Airgead, go príomha an mapáil a rinne Pobal ar na tionscadail i gCorcaigh atá maoinithe ag an RLGÓ.

Is í an RLGÓ a chuireann an maoiniú ar fáil do príomhscéim BOO Chorcaí maidir le deontais d'obair óige i leith tionscadail speisialta lasmuigh den scoil do dhaoine óga faoi mhíbhuntáiste. Is iad seo a leanas na scéimeanna sin - Tionscadail Speisialta don Óige (SPY), Ciste Áiseanna agus Seirbhísí don Óige (YPFSF) agus Eolas don Óige (YIC). Dáiltear deontais d'eagraíochtaí agus do ghrúpaí le haghaidh tionscadail ar leith a bhfuil sé d'aidhm acu aghaidh a thabhairt ar riachtanais na ndaoine óga atá faoi mhíbhuntáiste, mar gheall ar mheascán de thosca éagsúla.

Bíonn sé d'aidhm ag na tionscnaimh obair don aos óg a dtugtar deontais dóibh forbairt phearsanta agus shóisialta na rannpháirtithe a éascú chun go mbeidh siad in ann a n-acmhainn a bhaint amach agus go háirithe an t-eolas, na scileanna agus na dearcthaí a thabhairt dóibh atá riachtanach má tá siad le lánpháirtiú ar bhealach oiriúnach sa tsochaí.

Eagrú Seirbhísí

In 2016 leag an Roinn Oideachais agus Scileanna (DES) síos struchtúr ardbhainistíochta do BOOanna i gcomhar le maolú teoranta ar an moratóir. Mar chuid de struchtúr bainistíochta athbhreithnithe a cuireadh i bhfeidhm ceapadh ról Stiúrthóireachta san earnáil. Cuireadh an ról sin in áit an chórais a bhí ann roimhe sin ina mbíodh Oifigigh agus Príomhoifigigh Oideachais. Dáileadh na poist seo a leanas ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí ar bhunús a ghníomhaíochtaí agus a scála;

- 1 Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna
- 1 Stiúrthóir Scoileanna
- 2 (beirt) Stiúrthóirí um Thacaíocht agus um Fhorbairt Eagraíochta

Reáchtáladh na comórtais thuas trí bhíthin na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí agus i mí Mheán Fómhair Ceapadh triúr iarrthóirí inmheánacha chuig na poist agus ghlac an tIar-Oifigeach Oideachais le post nua mar Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna. Fuarthas roinnt acmhainní breise don Cheannoifig trí athbhreithniú a rinne Stiúrthóirí Tacaíochta agus Forbairt Eagraíochta i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna ar fholúntais ríthábhachtacha.

Rinneadh athbhreithniú i ráithe dheireanach na bliana 2016 ar struchtúir agus foirne na Ceannoifige lena chinntiú go raibh na struchtúir chuí curtha i bhfeidhm le tacaíocht agus cabhair a thabhairt don phríomhghnó, is é sin le rá, oideachas agus oiliúint a chur ar fáil ar fud an réigiúin Chorcaí, léiriú a thabhairt ar mhéid na heagraíochta, ceanglais maidir le rialachas corparáideach agus riachtanais reachtúla a chomhlíonadh, agus rud níos tábhachtaí fós go bhféadfadh úsáideoirí ár seirbhísí iad a aithint go héasca.

Chuige sin bunaíodh na haonaid ghnó seo a leanas trí phróiseas comhairliúcháin;

- Acmhainní Daonna
- Dlí & Comhlíonadh
- Seirbhísí Corparáideacha
- Teicneolaíocht Faisnéise
- Airgeadas
- Tionscadail Chaipitil & Soláthar

Rinneadh maolú beag ar an moratóir a bhí curtha i bhfeidhm sa Cheannoifig maidir le folúntais ríthábhachtacha a líonadh rud a chabhraigh leis an athbhreithniú thuas, ach ba dhúshlán fós don eagraíocht an moratóir san earnáil phoiblí maidir le post neamhtheagaisc a líonadh go háirithe sa réimse a bhain le Breisoideachas agus Oiliúint, Coláistí agus Ionaid.

Tá TFC á forbairt i gcónaí laistigh den eagraíocht agus tá réitigh á bhforbairt agus á gcur i bhfeidhm maidir le bainistiú míreanna oibre a bhaineann le hidirbhirt mar iarratais ar chonarthaí, bileoga ama, sonraisc agus éilimh i leith taistil. Cé go bhfuil go leor de na réitigh á bhforbairt ar bhonn náisiúnta ag an Oifig um Bainistíocht Tionscadal sa Roinn Oideachais agus Eolaíochta, Tá BOO Chorcaí rannpháirteach i gcónaí sna grúpaí éagsúla oibre agus tionscadail a bunaíodh chun maoirseacht a dhéanamh ar an scéal.

Tá BOO Chorcaí tiomanta i gcónaí d'fheabhsú leanúnach a chuid seirbhísí i gcomhthéacs Chlár an Rialtais um Athchóiriú na Seirbhísí Poiblí agus ar mhaithe le dea-rialachas corparáideach.

Bonneagar

Seo a leanas sonraí na dTionscadal Tógála i scoileanna/coláistí agus ionaid BOO Chorcaí:

Tionscadail Mhóra Thógála - ag céim na tógála

Coláiste an Chraoibhín, Mainistir Fhear Maí	Síneadh mór á chur leis
Coláiste Pobail Ghleann Maghair	Síneadh mór á chur leis
Coláiste Pobail Naomh Colmán, Mainistir na Corann	Síneadh mór á chur leis

Tionscadail Mhóra Thógála - ag an gcéim phleanála

Campas Oideachais Charraig Uí Leighin	Campas nua 3 Scoil
Coláiste Pobail Chloich na Coillte	Síneadh mór le cur leis
Gaelchholáiste Dáibhís, Mala	Síneadh mór le cur leis

Príomhchaidreamh

Tá an-mheas ag BOO Chorcaí ar na naisc a cruthaíodh le príomhpháirtithe leasmhara san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach. Chuige sin téann an BOO i gcomhairle le raon leathan de chomhlachtaí poiblí agus de sholáthraithe oideachais agus oiliúna agus bíonn sé ag plé agus ag comhoibriú leo. Oibríonn BOO Chorcaí i ndlúth-chomhpháirtíocht le Comhairlí Cathrach agus Contae agus tá socruithe comhpháirtíochta déanta acu maidir le roinnt tionscnamh ar nós Music Generation agus an Fhéile Foghlama ar feadh an tsaoil. Oibríonn an BOO freisin go dlúth leis na Coistí Forbartha Pobail Áitiúla, Coistí Comhpháirtíochta Áitiúla, chomh maith le hionadaithe a bheith acu ar Bhord Bainistíochta Ollscoil Chorcaigh agus Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí.

Lena chois sin, tá BOO Chorcaí ina chomhphátrún ar 13 Phobalscoil nó Scoil Chuimsitheach i gCorcaigh agus tá tailte agus maoin na scoileanna sin dílsithe don Bhord. Tá 11 Choláiste Pobail Ainmnithe ag Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí freisin a fheidhmíonn i gcomhpháirtíocht le roinnt comh-iontaobhaithe/comhphátrúin reiligiúnacha, go háirithe Deoise Chorcaí agus Rois agus Deoise Chluana.

Chomhoibrigh Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí le líon mór eagraíochtaí agus institiúidí eile i rith na bliana trí uaireanta teagaisc nó cúnamh airgeadais a chur ar fáil. Áirítear orthu siúd eagraíochtaí mar an tSeirbhís Phríosúin, Foróige agus Ceardlanna Oiliúna Pobail.

Tá meas ag BOO Chorcaí chomh maith ar lucht tionscal i gCorcaigh agus leanann sé air i gcónaí ag cruthú nasc leo lena chinntiú go bhfuil seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna oiriúnach do riachtanais na n-earnálacha tionsclaíocha éagsúla lena chinntiú go mbeidh ár gcuid mac léinn in ann fostaíocht ábhartha, bhríoch a fháil.

Achoimre Airgeadais

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí á mhaoiniú go príomha ag an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) maidir le cur ar fáil a clár dara leibhéal agus ag SOLAS agus ROS maidir lena chláir Bhreisoideachais agus Oiliúna. Fuarthas maoiniú le haghaidh tionscadail áirithe sa tréimhse 2013/2014 ó Ranna agus Gníomhaireachtaí eile Rialtais lena n-áirítear:

- An Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta
- An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh
- Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige

- An Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta
- An tAontas Eorpach.

Tiomsaíodh airgead freisin trí mhuirir a ghearradh ar sheirbhísí mar tháillí teagaisc, cíos na seomraí agus gníomhaíochtaí ar an leibhéal áitiúil. B'fhiú €182,497,558 fáltais an Bhoird in 2015. Déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh gach bliain ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí agus cuireann tuarascáil ar mhaoirseacht airgeadais an Bhoird faoi bhráid an Oireachtais. Bhain €15,670,208 d'fháltais iomlána na bliana seo caite leis an gclár caipitil. Tá ráiteas faoin aschur bliantúil le fáil in Aguisín 2.

Is féidir liom a dhearbhú freisin mar Chathaoirleach, go bhfuil Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí freagrach as cuntais a choimeád agus a dhearbhú go ngéilleann BOO Chorcaí go hiomlán dá oibleagáidí faoin reachtaíocht ioncaim.

Sínithe: _____ Dáta: _____

An Clr Patrick Gerard Murphy
Cathaoirleach, Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí

Giorrúcháin

AEGC	Comhairleoir Treorach Aosoideachais
AES	An tSeirbhís Oideachais d'Aosaigh
BTEI	An Tionscnamh chun Filleadh ar an Oideachas

C&AG	Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
CC	Coláiste Pobail
CE	Príomhfheidhmeannach
CPD	Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
DEIS	Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna
ROS	An Roinn Oideachais agus Scileanna
FET	Breisoideachas agus Oiliúint
TFC	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
TF	Teicneolaíocht Faisnéise
ITABE	Dianteagasc in Oideachas Bunúsach do Dhaoine Fásta
LCA	An Ardteistiméireacht Fheidhmeach
NCCA	An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
PDST	Seirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí
PLC	Iar-Ardteistiméireachta
QA	Dearbhú Cáilíochta
SOLAS	Seirbhísí Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna
BOO	Bord Oideachais agus Oiliúna
VTOS	Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais
VEC	Coiste Gairmoideachais

Aguisín 1

Scoileanna, Ionaid Oideachais agus Fochoistí an Bhoird Oideachais agus Oiliúna

Iar-bhunscoileanna

Ainm	Líon ar	Ainm	Líon ar

	Rolla:		Rolla:
Coláistí Iar-bhunoideachais			
Coláiste Pobail Charraig Thuathail	43	** Coláiste Pobail Ghleann Maghair	1026
** Coláiste Pobail Chloich na Coillte	548	** Coláiste Pobail Mhuire gan Smál, Dún Mánmhaí	499
** Coláiste Pobail Áth an Chóiste	614	Coláiste Mac Aogáin, Maigh Chromtha	245
Coláiste Churrach an Eich Bhuí, Cóbh	275	** Coláiste Pobail de Nógla, Machain	174
Coláiste an Chraoibhín, Mainistir Fhear Maí	688	** Coláiste Pobail na Scoile	405
** Coláiste Choilm, Baile an Chollaigh	1383	Scoil Mhuire, Béal Átha an Ghaorthaidh	119
Coláiste Daibhéid, Corcaigh	206	** Coláiste Pobail Naomh Aodhán, Cnoc Bhaile Átha Cliath	468
** Coláiste Ghobnatan, Baile Bhúirne	210	Coláiste Naomh Brógáin, Droichead na Bandan	814
** Coláiste Pobail Bheanntraí	689	Coláiste Pobail Naomh Colmán, Mainistir na Corann	877
** Coláiste Pobail Naomh Mhuire (Cill na Mallach)	316 521	Coláiste Fionnchua, Baile Mhistéala	305
Coláiste Treasa, Ceann Toirc	521	Coláiste Pobail Thraolach Mhic Shuibhne, Cnoc na hAoine	248
Gaelchholáiste Dáibhís, Mala	824	** Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin	57
Coláistí Iar-Ardteistiméireachta			
Lár-Coláiste Eoin, Lár na Cathrach	989	Coláiste Stiofán Naofa, Bóthar na Trá Móire	802
Coláiste Tráchtála Corcaí	1971	Coláiste Breisoideachais	434

		Mhala	

** Is Coláistí Sainithe Pobail iad seo; Tá Comhaontú Eiseamláireach ann idir Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí agus Deoise Chluana nó le Deoise Chorcaí agus Rois

Scoileanna Náisiúnta Pobail

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí ina Phátrún ar dhá Scoil Náisiúnta Pobail. Is iad sin Scoil Chlíodhna, Carraig Thuathail agus Scoil Aonghusa, Mala.

Ionaid Oideachais & Oiliúna

Seirbhísí Tacaíochta Foghlama Chathair Chorcaí
Ionad Oiliúna Chorcaí, Ascaill Rosa
Ionad Oiliúna, Carraig Uí Leighin

Ionaid Ógtheagmhála

Baile an Chollaigh
Droichead na Bandan
Beanntraí
Sráid an Déin
An Gleann
Mainistir Fhear Maí
Chnoc na hAoine
Maigh Chromtha
Meachain
Mala
Eochaill

Scoileanna Pobail a bhfuil BOO Chorcaí ina Chómh-Iontaobhaí orthu

Pobalscoil Charraig Uí Leighin
Pobalscoil na Tríonóide, Eochaill
Pobalscoil na Dúghlaise
Pobalscoil Bhaile an Easpaig
Pobalscoil Bhéara
Pobalscoil an Sciobairín
Pobalscoil Shráid an Mhuilinn
Pobalscoil Chionn tSáile
Pobalscoil Bhaile na mBocht
Pobalscoil Bhaile an Chollaigh
Pobalscoil Naomh Peadar, An Pasáiste

Scoileanna Cuimsitheacha a bhfuil BOO Chorcaí ina Chómh-Iontaobhaí orthu

Scoil Chuimsitheach Ashton
Scoil Chuimsitheach An Bhóthair Bhuí

Coistí an Bhoird Oideachais agus Oiliúna

An Coiste Airgeadais
An Coiste Iniúchóireachta
An Coiste Óige